Nótaí don Dalta: Láithreoireacht

- Amharc ar agus bain úsáid as na samplaí de láithreoireachtaí a thug an múinteoir duit. Labhair faoi leagan amach na faisnéise.
- Úsáid do bhogearraí láithreoireachta le comhad láithreoireachta nua a dhéanamh.
- Roghnaigh an teimpléad dearaidh don tsleamhnán ba mhaith leat a úsáid i do láithreoireacht.
- Roghnaigh leagan amach do gach sleamhnán agus cuir isteach do théacs, an plean a thug an múinteoir duit in úsáid agat.
- Roghnaigh íomhánna atá tú ag iarraidh a úsáid i do láithreoireacht ó na roghanna a thug an múinteoir duit, nó aimsigh d'íomhánna féin. Iompórtáil na híomhánna a roghnaigh tú go dtí an sleamhnán ceart.
- Úsáid uirlisí agus gnéithe do bhogearraí láithreoireachta le trasdulta idir na sleamhnáin a chur isteach.
- Más cuí, cuir comhaid fuaime nó físe isteach.
- Úsáid comhadainm le do láithreoireacht a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do láithreoireacht. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Láithreoireacht

- Amharc ar agus bain úsáid as na samplaí de láithreoireachtaí a thug an múinteoir duit nó mol samplaí de do chuid féin. Labhairt faoin dóigh a leagtar an fhaisnéis amach.

- Cruthaigh plean don láithreoireacht agat. Ba cheart go n-áireofaí leis seo nótaí ar téacs, trasdulta agus líon na sleamhnán atá de dhíth ort nó gnéithe eile ba mhaith leat a bheith inti. Agus pleanáil á déanamh, cuir an lucht féachana agus an cuspóir atá agat san áireamh.

- Úsáid do bhogearraí láithreoireachta le comhad láithreoireachta nua a dhéanamh.

- Roghnaigh an teimpléad dearaidh don tsleamhnán ba mhaith leat a úsáid i do láithreoireacht.

- Úsáid do phlean mar threoir, roghnaigh leagan amach do gach sleamhnán agus cuir isteach an téacs agus na híomhánna atá de dhíth ort. Agus seo á dhéanamh agat, cuir an lucht féachana agus an cuspóir atá agat san áireamh.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe do bhogearraí láithreoireachta le trasdulta idir na sleamhnáin a chur isteach agus le cuma agus mothú do láithreoireachta a rialú sa dóigh go mbeidh dúil mhór ag an lucht féachana inti.

- Úsáid comhadainm le do láithreoireacht a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do láithreoireacht in éineacht leat. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Láithreoireacht

- Faigh samplaí de láithreoireachtaí idirghníomhacha agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Déan plean don láithreoireacht idirghníomhach agat lena n-áirítear nótaí ar dhearaí sleamhnán, hipearnaisc, cnaipí nascleanúna, íomhánna, fuaim nó físeán a úsáidfaidh tú. Úsáid an teanga chuí a bhaineann le dearadh láithreoireachta le tacú le do chuid pleanála.
- Cruthaigh nó aimsigh an téacs atá de dhíth ort do do láithreoireacht agus cuir é le do phlean.
- Smaoinigh ar an lucht féachana agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do láithreoireachta idirghníomhaí agus ag déanamh eagarthóireachta uirthi.
- Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá, fuaime agus físe atá tú ag iarraidh a úsáid i do láithreoireacht.
- Cóipeáil an téacs a chruthaigh tú agus iompórtáil sócmhainní ar bith a roghnaigh tú go dtí na sleamhnáin chearta.
- Nuair atá an bunstruchtúr atá ag do láithreoireacht cruthaithe agat, bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí dearadh láithreoireachta leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- Déan athbhreithniú ar do láithreoireacht idirghníomhach le páirtí ranga. Seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an táirge deiridh agat.
- Úsáid comhadainm cuí le do láithreoireacht idirghníomhach a shábháil.
- Nuair atá an láithreoireacht foilsithe agat, déan tagairt siar don taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do láithreoireacht idirghníomhach éifeachtach don lucht féachana agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe i do láithreoireacht a gcuirfeá feabhas uirthi dá mbeifeá á dearadh arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Láithreoireacht

- Faigh samplaí de láithreoireachtaí idirghníomhacha agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá tábhachtach don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do láithreoireacht. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus an láithreoireacht idirghníomhach á pleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht féachana ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn phróiseas na heagarthóireachta lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Cruthaigh plean mionsonraithe don láithreoireacht idirghníomhach agat lena n-áirítear nótaí ar dhearaí sleamhnán, hipearnaisc, cnaipí nascleanúna, íomhánna, fuaim nó físeán a úsáidfaidh tú. Úsáid an teanga chuí a bhaineann le dearadh láithreoireachta le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht féachana (úsáideoir) i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do láithreoireacht agus ag déanamh eagarthóireachta uirthi.

- Roghnaigh nó bailigh comhaid íomhá, fuaime agus físe ar bith (sócmhainní) atá tú ag iarraidh a úsáid i do láithreoireacht.

- Cóipeáil an téacs a chruthaigh tú agus greamaigh isteach i do láithreoireacht é. Iompórtáil sócmhainní ar bith a roghnaigh tú go dtí na sleamhnáin chearta.

- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do láithreoireacht a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.

- Nuair atá an bunstruchtúr atá ag do láithreoireacht idirghníomhach cruthaithe agat, bain triail as gnéithe agus uirlisí na mbogearraí dearadh láithreoireachta leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.

- Déan tástáil agus athbhreithniú ar do láithreoireacht idirghníomhach le páirtí ranga. I do dhialann tionscadail, cuir béim ar réimsí a gcaithfidh tú tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do tháirge deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Úsáid comhadainm cuí le do láithreoireacht a shábháil.

- Nuair atá an láithreoireacht idirghníomhach foilsithe agat, déan tagairt siar don taighde i do dhialann tionscadail. Cosain an méid a chomhlíonann do tháirge do chuid cuspóirí tosaigh agus tagairt ar leith a dhéanamh don lucht féachana agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil sé á gcomhlíonadh go hiomlán.

Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.